Scríobh do Scrúduimhir anseo M48T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## Scrúdú na hArdteistiméireachta 2006

# EACNAMAÍOCHT BHAILE – EOLAÍOCH AGUS SÓISIALTA

# ARDLEIBHÉAL

**STAMPA IONAID**

**DÉ hAOINE, 9 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 go dtí 4.30**

**280/320 MARC**

*Treoracha d'Iarrthóirí*

**Roinn A**
Tá **dhá cheist déag** sa roinn seo.
Ní mór d'iarrthóirí **deich gceist** ar bith a fhreagairt.
Tá **6** mharc ag gabháil le gach ceist.
**Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh ar an scrúdpháipéar.**

**Roinn B**
Tá **cúig cheist** sa roinn seo.
Ní mór d'iarrthóirí **Ceist 1 agus dhá cheist ar bith eile a fhreagairt.**
Tá **80** marc ag gabháil le **Ceist 1**.
Tá **50** marc an ceann ag gabháil le Ceisteanna **2, 3, 4** agus **5**.
**Scríobh do chuid freagraí sa fhreagarleabhar ar leith atá curtha ar fáil.**

**Roinn C**
Tá **trí cheist** sa roinn seo.
Ní mór d'iarrthóirí tabhairt faoi cheist **amháin** ar ábhar roghnach agus faoi **chuid (a)** den cheist sin mar aon le **cuid (b) nó cuid (c)** den cheist a fhreagairt.
**Ní ceadaithe d'iarrthóirí a chuir obair chúrsa i dTeicstílí, Faisean agus Dearadh isteach le haghaidh scrúdaithe ach Ceist 2 amháin a fhreagairt sa roinn seo.**
Tá **80** marc an ceann ag gabháil le ábhair roghnacha **1** agus **3**.
Tá **40** marc ag gabháil le hábhar roghnach **2.**
**Scríobh do chuid freagraí sa fhreagarleabhar ar leith atá curtha ar fáil.**

**Ní mór duit do scrúdpháipéar a thabhairt ar ais le do fhreagarleabhar ag deireadh an scrúdaithe.**

## Roinn A

**Freagair deich gceist ar bith sa roinn seo.**
**Tá 6 mharc ag gabháil le gach ceist.**
**Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh.**

**1.** Mínigh **gach** ceann díobh seo a leanas agus tabhair **foinse amháin i ngach cás**. **(6)**

(i) *Aigéad sailleach ciseach*________________________________________________

*Foinse*________________________________

(ii) *Aigéad sailleach trasach*________________________________________________

*Foinse*________________________________

**2.** Cad is Ráta Meitibileach Bunaidh (BMR i mBéarla) ann? **(3)**

____________________________________________________________________

____________________________________________________________________

Liostaigh **trí** thoisc a mbíonn tionchar acu ar riachtanais fuinnimh. **(3)**

(i) ____________________________________________________________

(ii) ____________________________________________________________

(iii) ____________________________________________________________

**3.** Sainmhínigh an bhail Chéiliach (*Coeliac condition* i mBéarla). **(3)**

____________________________________________________________________

____________________________________________________________________

Ainmnigh **trí** bhia ar cheart do dhuine a bhfuil an bhail chéiliach air/uirthi a sheachaint. **(3)**

(i) ________________________________

(ii) ________________________________

(iii) ________________________________

**4.** Mínigh **dhá** thoisc a chuidíonn le milleadh iasc. **(6)**

(i) ____________________________________________________________

____________________________________________________________

(ii) ____________________________________________________________

____________________________________________________________

**5.** Sainaithin agus mínigh **dhá** aicme ghrádaithe de chuid an AE a úsáidtear le haghaidh torthaí agus glasraí. **(4)**

(i) ____________________________________________________________

____________________________________________________________

(ii) ____________________________________________________________

____________________________________________________________

Cad a chuireann an tsiombail seo in iúl don tomhaltóir? **(2)**

______________________________________

______________________________________

______________________________________

**6.** Aicmigh anraithí agus tabhair sampla **amháin** de gach aicme acu. **(6)**

| **Aicme** | **Sampla** |
|---|---|
| | |
| | |
| | |

**7.** Liostaigh **cúig** thoisc atá riachtanach le go bhfásfadh múscán. **(6)**

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

(iii) ______________________________

(iv) ______________________________

(v) ______________________________

**8.** Ainmnigh **dhá** mhodh tráchtála chun bia a reo agus mol bia atá oiriúnach do gach modh díobh. **(6)**

| **Modh** | **Bia** |
|---|---|
| | |
| | |

**9.** Cad is *Liúntas Leasa Breise* ann? **(6)**

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

**10.** Maidir le hÁrachas mínigh iad seo a leanas: **(6)**

*Bróicéir* ______________________________________________________

______________________________________________________

*Táille* ______________________________________________________

______________________________________________________

**11.** Liostaigh **trí** fheidhm de chuid Oifig na nGnóthaí Tomhaltóirí. **(6)**

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

(iii) ______________________________

**12.** **(a)** Sainaithin **dhá** thoisc shábháilteachta ar cheart iad a chur san áireamh nuair a bhíonn teicstílí á roghnú le haghaidh chúrsaí an tí. **(4)**

(i) ______________________________

(ii) ______________________________


**(b)** Ainmnigh bailchríoch dhómhoillitheach **amháin** a úsáidtear ar throscán tí. **(2)**

______________________________

# Roinn B

**Freagair Ceist 1 agus dhá cheist ar bith eile sa roinn seo.**
**Tá 80 marc ag gabháil le Ceist 1. Tá 50 marc an ceann ag gabháil le Ceisteanna 2, 3, 4 agus 5.**

**1.**




**Foinse: *Meat Supply Balance* leis an bPríomh-Oifig Staidrimh**

**(a)** Bain úsáid as an eolas a thugtar sa chairt agus déan trácht ar threochtaí tomhaltóirí ó thaobh itheachán feola de. Mol fáthanna le treochtaí dá leithéid. **(20)**

**(b)** Ainmnigh **dhá** phróitéin atá le fáil san fheoil**.** **(6)**

**(c)** Mínigh: (i) próitéin ardbhitheolaíoch
(ii) aimínaigéad riachtanach. **(12)**

**(d)** Déan cur síos (i) ar bhunstruchtúr, agus (ii) ar struchtúr tánaisteach, na próitéine. **(24)**

**(e)** Sainaithin agus mínigh **sé** phríomhthoisc ar cheart do thomhaltóir iad a chur san áireamh nuair a bhíonn bianna próitéine á gceannach aige/aici, chun tíosaíocht **agus** sábháilteacht a chinntiú. **(18)**

**2.** ***Tá níos mó ná bean amháin as gach triúr ban in Éirinn nach bhfaigheann a dóthain cailciam.***

**(a)** Luaigh:
(i) **ceithre** dhrochthoradh a d'fhéadfadh a bheith ar réim bia nach bhfuil go leor cailciam ann;
(ii) an chiondáil mholta cothúcháin (RDA i mBéarla) den chailciam (a) do dhaoine fásta agus (b) do mhná atá ag iompar clainne. **(18)**

**(b)** Tabhair sonraí na gcéimeanna a bhíonn i gceist i ndéantús iógairt. **(20)**

**(c)** Tabhair breac-chuntas ar a bhfuil déanta ag an Tionscal Déiríochta chun dul i ngleic leis na treochtaí atá ann faoi láthair i bpátrúin itheacháin agus i nósanna beatha an tomhaltóra in Éirinn. **(12)**

**3.** **“** ***Tá fás ollmhór ag teacht ar dhíolachán bianna áise réamhdhéanta ós rud é go bhfeictear do thomhaltóirí go mbíonn a gcuid ama á chreimeadh ag luas géar an tsaoil nua-aimseartha*.”**

**Consumer Choice**

**(a)** Tabhair breac-chuntas ar raon na mbianna próiseáilte a bhfuil fáil orthu **agus** pléigh na fiúntais éagsúla a bhaineann le bianna próiseáilte a bheith sa réim bia nua-aimseartha. **(24)**

**(b)** Ainmnigh agus luaigh feidhm **dhá** shaghas dhifriúla oibreán riochtaithe fisiciúil (cuibhitheoirí fisiceacha) a úsáidtear i mbianna próiseáilte. **(18)**

**(c)** Mínigh conas a rialaíonn dlí an Aontais Eorpaigh úsáid na mbreiseán bia. **(8)**

4. ***Tá cónaí ar Cholm agus ar Shinéad de Brún lena mbeirt déagóirí – Dáibhí atá 15 bliana agus Yvonne atá 17 mbliana. Lá fíorghnóthach is ea an Luan ag an teaghlach seo. Fágann Colm an teach chun dul ag obair ar 7.30 a.m. agus filleann sé ar 5.30 p.m. Oibríonn Sinéad ó 9.00 a.m. go dtí 4.00 p.m. Bíonn traenáil ag Dáibhí agus ag Yvonne don fhoireann áitiúil snámha ó 4.30 p.m. go dtí 5.30 p.m. Téann Yvonne ar rang giotáir chomh maith ag 6.30 p.m. Ós rud é go bhfuil cónaí orthu i gceantar tuaithe bíonn gá le cóir iompair le haghaidh na n-imeachtaí ar fad. Déanann an teaghlach iarracht ar chóras bainistíochta a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go n-oibríonn gach ní mar is cóir.***

**(a)** Mínigh cén fáth a bhféadfadh córas maith bainistíochta cuidiú le dea-riar an teaghlaigh agus le dea-bhail bhaill an teaghlaigh ar fad. **(16)**

**(b)** Baint úsáid as comhpháirteanna na bainistíochta (ionchuir, tríchuir agus aschuir) agus mínigh conas is féidir le muintir de Brún córas bainistíochta a chur i bhfeidhm a chinnteoidh go ngabhfaidh gach ní ar aghaidh go breá réidh sa teaghlach Dé Luain. **(18)**

**(c)** Tabhair sonraí **<u>ceithre</u>** dhualgas de chuid an tomhaltóra. **(16)**

5. ***De réir Bhunreacht na hÉireann (Airteagal 41) aithníonn an Stát gurb é an teaghlach buíonaonad príomha bunaidh na sochaí de réir nádúir.***

**(Bunreacht na hÉireann)**

**(a)** Sainaithin agus déan cur síos ar **<u>thrí</u>** struchtúr teaghlaigh nua-aimseartha atá ann i sochaí an lae inniu. **(18)**

**(b)** Pléigh an tionchar a bhíonn (i) ag athruithe sóisialta **<u>agus</u>** (ii) ag athruithe eacnamaíocha ar struchtúir theaghlaigh nua-aimseartha. **(24)**

**(c)** Leag amach na coinníollacha atá riachtanach chun go bhfaighfí colscaradh de réir Acht Dlí an Teaghlaigh (Colscaradh) 1996. **(8)**

## Roinn C

**Ní mór ceist ar ábhar roghnach amháin a fhreagairt as an roinn seo.**
**Ní ceadaithe d'iarrthóirí a chuir obair chúrsa i dTeicstílí, Faisean agus Dearadh isteach le haghaidh scrúdaithe ach Ceist 2 amháin a fhreagairt sa roinn seo.**

## Ábhar Roghnach 1 – Dearadh agus Bainistíocht Tí (80 marc)

**Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo 1(a) a fhreagairt mar aon le 1(b) nó 1(c).**

**1. (a)** ***De thoradh laghdú ar sholáthairtí breosla iontaise chomh maith le treochtaí atá ag athrú i bhforbairtí nua-aimseartha tithíochta, tá an tomhaltóir ag iniúchadh modhanna eile chun a theach cónaithe a théamh.***

(i) Sainaithin **trí** rogha ó thaobh téimh de atá ar fáil don teach nua-aimseartha. **(9)**

(ii) Mínigh na tosca ar cheart iad a chur san áireamh nuair a bhítear ag roghnú córas téimh do teach teaghlaigh. **(20)**

(iii) Leag amach sonraí córas téimh lárnaigh le haghaidh teach cónaithe **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air. Bíodh tagairt agat dóibh seo:
- (a) foinse breosla/fuinnimh
- (b) prionsabal téimh
- (c) éifeacht agus áisiúlacht. **(21)**

**agus**

**1. (b)** (i) Pléigh conas a bhíonn tionchar ag tosca aeistéitiúla agus ag tosca timpeallachta ar dhearadh tithíochta nua-aimseartha. **(16)**

(ii) Mínigh conas a rialaítear caighdeáin i gcás tógáil tithe. Bíodh tagairt agat do **dhá** mhodh dhifriúla ar a laghad. **(14)**

**nó**

**1. (c)** ***Is cuid riachtanach de dhearadh cuí den taobh istigh de theach an soilsiú éifeachtach.***

(i) Déan cur síos ar **thrí** airí de chuid an tsolais. **(12)**

(ii) Sainaithin **dhá** shaghas soilsithe chomhaimseartha agus déan an fheidhm atá aige i ndearadh an taobh istigh den teach a mheas i ngach cás. **(18)**

## Ábhar Roghnach 2 – Teicstílí, Faisean agus Dearadh (40 marc)

**Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo 2(a) a fhreagairt mar aon le 2(b) <u>nó</u> 2(c).**

**2. (a)** ***Ba cheart go mbeadh éadaí dea-dheartha taitneamhach don tsúil, feidhmiúil, go dtógfaidís ceann d'eilimintí agus de phrionsabail deartha agus go mbeidís compordach le caitheamh.***

(i) Sceitseáil feisteas éadaigh a léiríonn treochtaí faisin an lae inniu agus a bheadh oiriúnach le caitheamh ar ócáid fhoirmiúil scoile.
Taispeáin conas a cuireadh **<u>trí</u>** phrionsabal deartha i bhfeidhm i ndearadh an fheistis. **(12)**

(ii) Déan próifíl ar fhabraic a rinneadh as snáithíní monaraithe faoi na teidil seo a leanas: **(13)**

- táirgeadh snáithín
- airíonna fabraice
- tástáil aitheanta snáithín.

**agus**

**2. (b)** ***Is mó go mór an tsuim atá á cur ag fir na hÉireann i gcúrsaí faisin le blianta beaga anuas.***

Pléigh cuid de na treochtaí atá ag athrú i bhfaisean na bhfear agus tabhair fáthanna a bhfuil na hathruithe seo ag tarlú. **(15)**

**nó**

**2. (c)** (i) Ainmnigh agus déan cur síos ar mhodh **<u>amháin</u>** chun dath a chur ar fhabraic cadáis agus ar mhodh **<u>amháin</u>** chun dearadh a chur i bhfeidhm ar fhabraic cadáis. **(10)**

(ii) Déan meastachán ar ról na n-oiriúintí i mbailchríoch feistis. **(5)**

## Ábhar Roghnach 3 – Staidéar Sóisialta (80 marc)

**Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo 3(a) a fhreagairt mar aon le 3(b) nó 3(c).**

**3. (a)** ***Cé go bhfuil méadú tagtha ar shaibhreas mhuintir na hÉireann le blianta beaga anuas, tá sí fós ar cheann de na tíortha is éagothroime ó thaobh cúrsaí ioncaim de san AE.***

(i) Sainaithin **gach** ceann díobh seo a leanas: **(10)**
(a) *Bochtaineacht Choibhneasta*
(b) *Bochtaineacht Iomlán.*

(ii) Pléigh na fáthanna a bhfuil an bhochtaineacht fós ann mar ghné den tsochaí nua-aimseartha. Bíodh tagairt i do fhreagra do thimthriall na bochtaineachta **agus** do thionchar polasaí sóisialta ar an mbochtaineacht. **(24)**

(iii) Tabhair cuntas ar **dhá** thionscnamh reachtúla a raibh sé d'aidhm shonrach acu an bhochtaineacht in Éirinn a chloí. **(16)**

**agus**

**3. (b)** ***'Tá cónaí ar 60% nach mór de phobal na hÉireann anois i gceantair uirbeacha.'***

(i) Pléigh an tionchar ar shaol an teaghlaigh atá ag an athrú ó phatrúin lonnaíochta tuaithe go patrúin lonnaíochta uirbeacha. **(18)**

(ii) Déan trácht ar na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag an Rialtas chun go mbeadh a mhalairt de threocht ann agus chun go gcuirfí cosc le meath an daonra i gceantair thuaithe. **(12)**

**nó**

**3. (c)** (i) Ainmnigh agus déan cur síos ar **dhá** thionscnamh chomhaimseartha a bhfuil sé d'aidhm acu fáil a bheith ar an oideachais ag níos mó daoine. **(18)**

(ii) Tabhair breac-chuntas ar na céimeanna a tógadh chun éagothroime inscne i gcúrsaí oideachais a mhaolú. **(12)**

Leathanach Bán